

**Clár Ábhair**

**Nuacht na Comhairle**

Ballraíocht an NCSE  
Comhairle 2007- 2009 2

**Ag obair le scoileanna agus tuismitheoirí**

Measúnú ar Riachtanais  
(Leanaí faoi bhun 5 bliana d’aois) 2  
An Córas Achomhairc 3  
An Chairt Chustaiméirí 3

**Nuashonrú ar Thaighde an NCSE**

Seimineár Tionscnaimh  
Taighde 4  
Nuacht faoi Thaighde 6

**Oideachas Speisialta**

An Ghníomhaireacht  
Eorpach don Fhorbairt  
sna Riachtanais  
Oideachasúla  
Speisialta 7  
Nuacht faoi Oideachas  
Speisialta 8

**Rannóg na dtuismitheoirí**

Scéal Ruth 9

**Rannóg EROS**

Ranganna ASD i gCill  
Mhantáin Thoir Theas 11



**Gabhann an Cathaoirleach buíochas leis an gComhairle ceanntearma**

*Déanann Sydney Blain machnamh ar an obair atá déanta agus é ag súil le comhoibriú nua*

Le teacht na Nollag beidh deireadh le téarma oifige trí bliana Chomhairle an NCSE.<sup>1</sup> Mar sin ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na baill Chomhairle úd a thug go leor ama, eolais agus taithí thar na blianta sin chun imeachtaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a stiúradh agus a chur chun cinn. Bhí ról uathúil ag gach ball in obair na Comhairle agus í ag tabhairt faoi chinntiú go gcruthófaí tacaíochtaí oiriúnacha oideachais agus torthaí oideachais níos fearr do leanaí faoi riachtanais speisialta oideachais in Éirinn.

De réir mar a fhanaimid le cinneadh ón Aire maidir le Comhairle nua a cheapadh, b’fhéidir go bhfuil sé in am dúinn machnamh a dhéanamh ar roinnt gnéithe tábhachtacha d’obair na Comhairle reatha thar a tréimhse oifige. In 2007, bhí sé mar chúram lárnach an obair chun an Plean Straitéiseach a fhorbairt a chur chun cinn, obair a raibh dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle roimhe uirthi agus críoch a chur leis chun é a fhoilsiú. Soláthraíonn an Plean Straitéiseach le haghaidh na mblianta 2008-2011 treoir straitéiseach don NCSE le haghaidh na tréimhse sin.

Tá méadú suntasach tagtha ar chlár taighde na Comhairle ó 2008 agus anois cuimsíonn sé staidéir mhóra choimisiúnaithe mar thionscadal taighde fadama, Project IRIS (Inclusive Research in Irish Schools / Taighde Cuimsitheach i Scoileanna Éireannacha), suirbhé náisiúnta ar thaithí na dtuismitheoirí agus roinnt léirbhreithnithe litríochta idirnáisiúnta ar ghnéithe tábhachtacha doideachas speisialta. Soláthraíonn an clár taighde sin i dteannta ár dtaithí leanúnaí maidir le seirbhísí a leithdháileadh go díreach ar leanaí faoi riachtanais speisialta

oideachais agus i dteannta ár gcuidrimh leantaigh leis na geallchoimeádaithe, ardán óna bhféadann an chéad Chomhairle eile tús a chur le comhairle i leith beartais a bhfuil bunús láidir leis a cheapadh don Aire Oideachais agus Eolaíochta

Bailchríoch ar obair an-dian a bhí i seimineár tionscnaimh taighde an NCSE a tionóladh i Nollaig 2008 agus sholáthair sé deis eile chun plé a dhéanamh le geallchoimeádaithe maidir le hobair agus forbairt amach anseo sa réimse taighde. Phléigh léirithe ag an seimineár le ceisteanna maidir le hoideachas leanaí ar speictream an uathachais; leanaí bodhra nó lagéisteachta; leanaí dalla nó lagamhairc agus ról scoileanna agus ranganna speisialta amach anseo. Tá sleachta as tuarascálacha taighde a cuireadh i láthair ag an seimineár san áireamh ar leathanach 4 den nuachtlitir seo.

Bhí díomá ar an gComhairle nach raibh an Rialtas in ann dul ar aghaidh le cur i bhfeidhm iomlán an Achta um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (2004) faoi 2010, de réir mar a bhí beartaithe. Ba mhaith liom, áfach an deis seo a ghlacadh chun fáilte a chur roimh thiomantas an Rialtais, sa Chlár Rialtais athnuaite (Deireadh Fómhair 2009), chun an tAcht EPSen a chur i bhfeidhm agus chun plean ilbhliantúil costáilte a fhorbairt, i gcompháirt le geallchoimeádaithe, chun roinnt gnéithe tosaíochta den Acht a chur i bhfeidhm. Chun dul chun cinn a dhéanamh sa réimse sin beidh gá le comhoibriú i ndlúthpháirt leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Sláinte agus Leanaí agus tá NCSE ag tnúth leis na comhpháirtíochtaí a fhorbairt níos mó amach anseo.

Sa deireadh, ba mhaith liom Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Shéan a ghuí ar ár gcuid léitheoirí go léir. ■



<sup>1</sup> Ballraíocht an NCSE Comhairle 2007- 2009: ar leathanach 2.

Féadtar ailt atá le breathnú le haghaidh foilsithe agus tráchtanna faoin nuachtlitir a chur ar aghaidh ar ríomhphost chuig: newsletter@ncse.ie.

Is iad na tuairimí a chuirtear in iúl sa nuachtlitir seo tuairimí údar aonair agus ní gá go dtacódh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leo.

## Baill Chomhairle an NCSE 2007–2009

**An tUas Sydney Blain** (Cathaoirleach), Príomhoide, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Rath Maonais, Baile Átha Cliath

**An tUas Christy Lynch**, CEO KARE

**An Dr Seamus Hegarty**, Cathaoirleach den International Association for the Evaluation of Educational Achievement. Iar-stiúrthóir ar an National Foundation for Educational Research in England and Wales

**An tUas Siobhán Barron**, Stiúrthóir, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

**An tUas Rory O Sullivan**, Príomhoide, Killester College of Further Education, Baile Átha Cliath

**An tUas Teresa Griffin**, Príomhoifigeach, An Rannóg Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

**An tUas Tom O Sullivan**, Ard-Rúnaí Cúnta, Cumann Múinteoirí Éireann. Iar-phríomhoide ar Scoil Náisiúnta Sheanáin do Bhuachaillí, Luimneach

**Professor Patricia Noonan Walsh**, (go dtí July 2009) Ollamh NDA ar Staidéir Míchumais, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, Comhalta den International Association for the Scientific Study of Intellectual Disability

**Maighread Ní Ghallchobhair O.P.**, Iar-phríomhoide ar Scoil Benincasa do leanaí a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha agus iompair acu

**An tUas Anita Dillon**, Comhordaitheoir ranganna speisialta i Meánscoil na Toirbhirte Coill an Átha, an Tulach Mhór, Contae Uíbh Fháilí

**An tUas Caroline O'Brien**, Príomhoide Cúnta i Meánscoil an Linbh Naofa, Cill Iníon Léinín, Contae Bhaile Átha Cliath. Iar-bhall de Bhord Stiúrthóirí Special Olympics Ireland.

**An tUas Don Mahon**, Príomhchigire Cúnta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

**An tUas Barry Murphy**, Príomhoifigeach, An Roinn Sláinte agus Leanaí

**An tUas Dermot Ryan**, (go dtí Nollaig 2008), Príomhoifigeach, An Roinn Sláinte agus Leanaí. Ainmní ag an Aire Sláinte agus Leanaí

**An tUas Gearóid Ó Conluain**, (go dtí Meán Fómhair 2008) Leas-Phríomhchigire, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta e ■

## Measúnú ar Riachtanais (Leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois)

Tá an tAcht um Míchumas, 2005 mar eilimint lárnach den Straitéis Náisiúnta Míchumais agus tá sé deartha chun soláthar do rannpháirteachas daoine faoi mhíchumas sa tsochaí agus chun tacaíocht a thabhairt don rannpháirteachas sin trí thacú le soláthar seirbhísí sonracha do dhaoine faoi mhíchumas agus trí rochtain ar sheirbhísí poiblí príomhshrutha a fheabhsú.

Bunaíonn Cuid 2 den Acht seo córas chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais seirbhísí sláinte aonair agus áit ar cuí, ar na seirbhísí oideachais le soláthar. I Meitheamh 2007, tugadh feidhm do Chuid 2 den Acht do leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois atá faoi mhíchumas. Ó sin, tá próiseáil déanta ag an NCSE ar breis is 1,400 iarratas ar chúnamh do leanaí den sórt sin, agus cuireann Oifig Mheasúnaithe an FSS ar fud na tíre gach iarratas den sórt sin faoi bhráid Cheannoifig an NCSE i mBaile Átha Troim.

Tar éis anailís a dhéanamh ar phróifíl na n-iarratas a cuireadh isteach (maidir le haois an linbh, nádúr an mhíchumais) agus aithint conas a fhéadann an Chomhairle freagra a thabhairt

ar iarratais den sórt sin aontaíodh gur féidir iarratais ar chúnamh a phróiseáil trínar féidir an Chomhairle tríd an EROS áitiúil próiseáil a dhéanamh ar an iarratas ar chúnamh a chuir an tOifigeach Measúnaithe áitiúil isteach. Chuige sin, soláthraíodh láithreachais réigiúnacha oiliúna ag an NCSE, NEPS (a fhéadann cabhrú leis an EROS ar chúinsí áirithe) agus an FSS i dteannta a chéile agus tá sé beartaithe go ndéanfar iarratais ar chúnamh a phróiseáil go háitiúil ar fud na tíre ó Eanáir 2010. Ba cheart go ndéanfaí iarratais a phróiseáil níos tráthúla dá bharr agus go bhforbrófaí teagmhálaithe áitiúla idir an NCSE agus an FSS maidir leis na measúnuithe sin. Ba cheart freisin go gcabhródh sé leis an NCSE, an líon leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ag éirí as míchumas, a aithint níos luaithe. ■



## An Córas Achomharc

Ó Eanáir 2005, tá próiseáil déanta ag an NCSE ar tuairim 60,000 iarratas ó scoileanna ar thacaí speisialta oideachais maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de bharr míchumais. Tá an NCSE tiomanta chun a ról a chomhlíonadh maidir le huairteanta múinteoireachta breise agus tacaíocht bhreise Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) a leithdháileadh ar bhealach atá cóir, comhsheasmhach agus trédhearcach do scoileanna agus tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Chuige sin, tugtar faoi acmhainní a leithdháileadh ar scoileanna ag EROS, thar ceann an NCSE, de réir na bparaiméadar beartais atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

I roinnt cásanna cheap scoileanna agus tuismitheoirí nár chlóigh an cinneadh ar tháinig an EROS áitiúil air go hiomlán leis na paraiméadair bheartais thuasluaite. Ní raibh aon mheicníocht achomharc ar fáil, áfach, trína bhféadfaí é a chonspóid.

Tar éis plé le Comhlachtaí Bainistíochta, rinne an NCSE iarracht próiseas struchtúrtha achomharc a thabhairt isteach trína bhféadfaí scoileanna agus tuismitheoirí, de réir mar is cuí, tabhairt faoi achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an EROS maidir leis na hacmhainní a leithdháileadh ar an scoil. Tá sé beartaithe go mbainfear triail as an bpróiseas ar dtús i roinnt cásanna áit a mbeidh sé curtha in iúl ag scoileanna agus tuismitheoirí gur mhaith leo achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh. Tarlóidh sé sin sula ndéanfar an próiseas achomharc a thar-rolladh ar fud na tíre.

Beidh dhá chéim ag baint leis an bpróiseas atá beartaithe. Ar dtús, soláthróidh an t-Eagraí um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (EROS) imlíne den chinneadh agus de na fachtóirí a thacaíonn leis an gcinneadh. Anois tabharfar cuireadh don scoil/tuismitheoir achomharc a dhéanamh mura bhfuil siad sásta leis an gcinneadh. Ar an dara dul síos, tar éis an

t-achomharc a fáil, scrúdóidh EROS Sinseartha an cinneadh agus an toradh. Ansin soláthróidh an EROS Sinseartha aiseolas scríofa maidir leis na fáthanna leis an gcinneadh don achomharcóir. D'fhéadfadh an EROS Sinseartha seasamh leis an gcinneadh tosaigh nó é a athrú.

Nuair a bheidh anailís déanta ar an bpróiseas achomharc beartaithe, tá sé beartaithe go gcuirfear na scoileanna go léir ar a n-eolas faoin bpróiseas agus cuirfear tús leis an áis le haghaidh scoileanna agus tuismitheoirí chun achomharc a dhéanamh ar fud na tíre faoi Eanáir 2010. Beidh an próiseas agus na foirmeacha achomharc ábhartha ar fáil ar láithreán gréasáin an NCSE ■



## Cairt Chustaiméirí an NCSE

Cuireann Cairt Chustaiméirí an NCSE síos ar ár ról. Leagann sé amach go hachomair na seirbhísí a sholáthraimid agus na caighdeáin a chuirimid i bhfeidhm dár gcustaiméirí go léir. Tá an Chairt foilsithe ar ár láithreán gréasáin agus tá sé ar fáil freisin ar iarratas ó aon bhall foirne. Tá sé curtha i láthair mar ráiteas soiléir, gonta agus inrochtana a chabhróidh lenár gcuid tuismitheoirí tuiscint níos fearr a fháil ar ár ról. Freisin cabhróidh sé linn ár gcuid seirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú níos mó dár gcuid custaiméirí. Déanann an Chairt soiléiriú ach go háirithe maidir leis na

hábhair seo a leanas :

- an obair a dhéanaimid;
- ár bpríomhchustaiméirí;
- conas a dhéanaimid ár seirbhísí áitiúla a sheachadadh;
- cad iad na seirbhísí áitiúla sin;
- an creat beartais a rialaíonn ár gcuid seirbhísí;
- conas is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar bhonn pearsanta trí choinne, phost, ríomhphost nó tríd an teileafón;
- ár ndearbhú ar chaighdeáin seirbhíse;
- conas a oibrímid le scoileanna agus

gníomhaireachtaí eile;

- ár ról taighde;
  - ár ról i gcomhairle beartais;
  - conas a dhéanfaimid tráchtá nó gearáin custaiméirí a mheas;
  - ár ról maidir le heolas a sholáthar.
- Freisin tugann Cairt Chustaiméirí an NCSE roinnt treoirínte maidir le conas a fhéadann custaiméirí oibriú linn agus cabhrú linn seirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh:
- tabhair eolas iomlán agus ábhartha ar bhonn tráthúil do do scoil nó do EROS;
  - déan teagmháil go díreach le do scoil

áit a bhféadann sí déileáil go díreach le d'fhiosrúchán;

- má tá rochtain idirlín agat, seiceáil ár láithreán gréasáin [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie) le haghaidh eolais a d'fhéadfadh a bheith uait;
- cuir ríomhphost nó scríobh go díreach chuig ár mbaill foirne ag úsáid na sonraí díreacha ríomhphoist agus teagmhála atá curtha ar fáil againn;
- cuir gloach go díreach ar ár gcuid ball foirne ag úsáid na sonraí teagmhála um uimhreacha teileafóin pearsanta diailiú díreach atá curtha ar fáil againn;

- mura bhfuil an duine a theastaíonn uait caint leis/léi ar fáil, úsáid ár nglórphost le do thoil agus fág d'ainm agus d'uimhir ionas go bhféadann sé/sí gloach ar ais ort;
- déan coinne lenár mbaill foirne áitiúla nuair a theastaíonn uait bualadh linn;
- má theastaíonn uait gearán a dhéanamh, breathnaigh ar ár gcuid treoirínte agus nósanna imeachta;
- déileáil go cúirtéiseach lenár gcuid ball foirne, sa chaoi chéanna ar mhaith leat go ndéileálfai leatsa;
- déan tráchtá nó moltaí faoin tseirbhís a fhagheann tú. ■

## Nuashonrú ar thaighde an NCSE

### Seimineár Taighde Tionscnaimh

Reáchtáladh seimineár taighde tionscnaimh an NCSE in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh ar 11 Nollaig 2009. Sa seimineár bhí láithreachais le húdair ceithre thuarascála a críochnaíodh le déanaí a dhéanann plé ar leithligh le hoideachas leanaí ar speictream an uathachais, leanaí atá bodhar nó leanaí lagéisteachta agus leanaí atá dall nó leanaí lagamhairc, agus le ról scoileanna agus ranganna speisialta amach anseo.

Freisin thug an seimineár an chéad deis don NCSE dul i ngleic go díreach le páirtithe leasmhara san earnáil faoi luach agus ról na taighde agus na dtorthaí ó na tuarascálacha áirithe sin. Cé go raibh teorainn le hacmhainn ag an seimineár, tá na láithreachais agus na tuarascálacha taighde á bhfoilsíú agus á gcur ar fáil le híoslódáil ar láithreán gréasáin an NCSE, ionas go bhfaighidh lucht éisteachta chomh leathan agus is féidir rochtain ar an eolas.

Déanfaidh an NCSE machnamh sonrath ar thorthaí na dtuarascálacha sin go léir agus d'fhéadfadh go dtabharfaidís treoir d'fhorbairt comhairle beartais don Aire Oideachais agus Eolaíochta sna réimsí ábhartha. Tá sleachta as na tuarascálacha taighde a cuireadh i láthair ag an seimineár le feiceáil thíos:



Jennifer Doran, Ceann Taighde



Seamus Hegarty, Cathaoirleach ar an gCoiste Taighde



Clare Farrell, Oifigeach Taighde

### Léirbhreithniú Idirnáisiúnta ar an Litríocht Fianaise ar Sholáthar Dea-chleachtais in Oideachas Daoine a bhfuil Neamhoird ar Speictream an Uathachais acu

Sarah Parsons, Karen Guldborg, Andrea MacLeod agus Glenys Jones (School of Education, Ollscoil Birmingham) le Anita Prunty agus Tish Balfe (Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath)

#### Sliocht

Bhí dhá phríomhshraith fhianaise: 'eimpíreach' agus 'saineolach' ag baint leis an léirbhreithniú litríochta seo a coimisiúnaíodh ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) in Éirinn chun beartas agus soláthar oideachasúil a threorú. Ba é a bhí i gceist leis an tsraith eimpíreach ná cuardach córasach a dhéanamh i mbunachair sonraí leictreonacha ina bhfuil staidéir eimpíreacha a ndearnadh piarmheasúnú orthu; as 499 alt a aithníodh, coimeádadh 100 alt le hathbhreithniú. D'áirigh an tsraith shaineolach tuarascálacha nó treoirlínte beartais lárnacha a roghnaíodh maidir le dea-chleachtas do leanaí agus dhaoine fásta ar speictream an uathachais, as an RA agus Éire amháin.

Tharraing na torthaí aird ar an mbéim a mbaineann le raon de sholáthar oideachasúil a choimeád chun riachtanais éagsúla a riar; ní cosúil go n-éireoidh le cur chuige amháin i gcás gach duine. Bhí cuir chuige idirghabhála bunaithe ar iompar as Meiriceá Thuaidh, go háirithe le haghaidh leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois, chun tosaigh san fhianaise eimpíreach. Ba é an comhthoradh air sin ná easpaí suntasacha sa bhunús fianaise, go háirithe maidir le soláthar oideachasúil níos leithne, in áit cineál shonrach idirghabhála nó cur chuige sonrath i dtreo foghlama; soláthar do leanaí níos sine agus dhaoine fásta agus taithí iad siúd; scrúdú cáilíochtúil ar gcomhthéacsanna oideachasúla agus tuairimí daoine óga; fianaise sonrath d'Éirinn; measúnú oibiachtúil, neamhspleách ar idirghabhálacha agus éifeachtúlacht comhoibriú ilghníomhaireachta. Tá gá le

comhoibriú níos sonraí idir taighdeoirí agus cleachtóirí chun fáil amach cén cur chuige is fearr a éiríonn leis do leanaí agus dhaoine óga ar speictream an uathachais i seomraí ranga sa saol seo agus san oideachas go ginearálta.

### Fianaise ar Mhúnlá agus Torthaí Dea-chleachtais in Oideachas Leanaí Bodhaire agus Leanaí Lagéisteachta: Léirbhreithniú Idirnáisiúnta

Marc Marschark, Ph.D., National Technical Institute for the Deaf – Rochester Institute of Technology (SAM), Ollscoil Dhún Éideann agus Ollscoil Aberdeen (Albain)

#### Sliocht

Ní minic a tharlaíonn cailteanas éisteachta i leanaí, ach nuair a tharlaíonn sé, téann sé i bhfeidhm go mór ar fhorbairt agus éachtaí acadúla leanaí. Chuir go leor tíortha tús le déanaí le scagadh éisteachta do leanaí nuabheirthe agus le cláir idirghabhála luaithe do leanaí bodhaire agus lagéisteachta (BLÉ). Cuireann na cláir sin seirbhísí ar fáil do leanaí agus dá dteaghlach a fhéadann cabhrú le bunús láidir a sholáthar d'fhoghlaim i gcomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla. Fós féin, is minic a théann seirbhísí clár oideachasúil agus tacaíochta do leanaí BLÉ ar aghaidh ar bhunús traidisiúin, iomais agus áis riaracháin in áit a bheith bunaithe ar fhianaise taighde. Mar thoradh air sin, is minic nach mbítear soiléir maidir le fíorthairbhí na cláir éagsúla oideachais/forbartha agus a nginearáltacht d'fhoghrúpaí éagsúla de leanaí BLÉ, agus d'fhéadfadh go n-éiríonn na torthaí a thugtar faoi deara as an duine/na daoine atá ag soláthar nó ag fáil na seirbhísí in áit na seirbhísí iad féin.

Tugadh faoin athbhreithniú seo chun bunús fianaise a sholáthar chun comhairle beartais maidir le hoideachas leanaí BLÉ a threorú. Soláthraíonn an tuarascáil *Dea-chleachtais athbhreithniú* sonrath ar a bhfuil ar eolas againn agus nach bhfuil ar eolas againn maidir le hoideachas a thabhairt do leanaí BLÉ, ag cur



síos ar an taighde reatha maidir leis na beartais oideachasúla éagsúla agus na torthaí orthu, freisin tarraingíonn sé aird ar thuairimí coitianta faoi leanaí BLÉ a thógáil agus oideachas a thabhairt dóibh nach mbíonn bunaithe ar thaighde. Dhírigh an cur i láthair ar cheithre mhórchéist a aithníodh go gcuirfidís na bunúis ar fáil chun oideachas a thabhairt do leanaí BLÉ; aithint agus idirghabháil luath, teanga (lena n-áirítear ionchlannáin cochla, múnlaí oideachasúla, agus múineadh-foghlaim.

### Léirbhreithniú Idirnáisiúnta ar an Litríocht Fianaise ar Mhúnlaí agus Torthaí Dea-chleachtais in Oideachas Leanáí Dall agus Lagamhairc

Graeme Douglas, Steve McCall, Mike McLinden agus Sue Pavey (Visual Impairment Centre for Teaching and Research, School of Education, Ollscoil Birmingham) agus Jean Ware agus Ann Marie Farrell (Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath)

#### Sliocht

I mBealtaine 2008, thug an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) cuireadh do thairiscintí chun léirbhreithniú idirnáisiúnta a dhéanamh ar an litríocht fianaise ar mhúnlaí agus torthaí dea-chleachtais maidir le hoideachas leanáí dall agus lagamhairc. Thug foireann ón Visual Impairment Centre for Teaching and Research (School of Education, Ollscoil Birmingham, An RA) agus Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath freagra don chuireadh sin agus bronnadh an conradh orthu. Rinneadh an obair i bhfómhar 2008 agus ansin athraíodh í mar fhreagra ar aiseolas ón NCSE in earrach 2009. The approach to the literature review involved: agreeing a broad topic framework for the literature; stage 1 review (initial review of key visual impairment literature); appraisal of the topic framework based upon findings in stage 1 review; and stage 2 review (broader systematic searches of electronics databases).

Ba é a bhí i gceist leis an gcur chuige i dtreo an léirbhreithniú litríochta: aontú ar chreat leathan ábhar don litríocht; athbhreithniú céim 1 (athbhreithniú tosaigh ar litríocht lárnach faoi lagú amhairc); measúnú ar an gcreat ábhar bunaithe ar thorthaí in athbhreithniú céim 1; agus athbhreithniú céim 2 (cuardaigh

chórasacha níos leithne ar bhunachair sonraí leictreonacha). D'éirigh tuairim 325 tagairt ábhartha a bhain le naoi n-ábhar 'díriú athbhreithnithe' (faoi na cinnteidil níos leithne 'rochtain ar an gcuraclam príomhshrutha' agus 'rochtain ar an gcuraclam breise') as an léirbhreithniú ar an litríocht). Is iad na hábhair díriú athbhreithnithe ná:

Rochtain ar an gcuraclam príomhshrutha

1. Measúnú ar riachtanais fhoghlama
2. Oideolaíocht agus straitéisí múinteoireachta chun rochtain a fháil ar an gcuraclam
3. Rochtain ar scrúduithe poiblí
4. Litearthacht i bprionta
5. Litearthacht Braille

Rochtain ar an gcuraclam breise

6. Soghluaisteacht agus neamhspleáchas
7. Cuimsiú sóisialta agus mothúchánach
8. TFC
9. Oilíúint lagamhairc

Tugann an tuarascáil anailís ar an litríocht le haghaidh gach ceann de na naoi n-ábhar. Tá moladh bunaithe ar fhianaise ag gabháil le gach ábhar. Déanann an chuid dheireanach den tuarascáil machnamh ar an léirbhreithniú i gcomhthéacs oideachasúil na hÉireann agus tarraingíonn sí ar raon níos leithne de litríocht 'comhthéacs léirbhreithnithe' (lena n-áirítear doiciméid beartais idirnáisiúnta agus tuairimí saineolaithe). Cuireann an chuid sin sé 'Impleacht le haghaidh na hÉireann' i láthair.

### Athbhreithniú ar Ról Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta in Éirinn faoi Láthair agus Don Todhchaí

An Dr Jean Ware (The College of Education and Lifelong Learning, Ollscoil Bangor), Tish Balfe, an Dr Cathal Butler, an Dr Thérèse Day, Maeve Dupont, Catherine Harten, Ann-Marie Farrell, Rory McDaid, Margaret O'Riordan, an Dr Anita Prunty, an Dr Joe Travers, (Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath)

#### Sliocht

I 2005, d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta go ndéanfaí athbhreithniú ar scoileanna agus ranganna speisialta. Rinne

an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) an t-athbhreithniú in dá chéim; críochnaíodh céim a haon ag taighdeoirí thar ceann an ROE go luath in 2007. Ina dhiaidh sin d'iarr an ROE ar an NCSE céim a dó den athbhreithniú a dhéanamh agus sholáthair sí téarmaí tagartha molta. Rinne an Rannóg Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig an t-athbhreithniú, agus ghlac an Chomhairle leis an tuarascáil i nDeireadh Fómhair 2009.

#### Aidhm

Athbhreithniú a dhéanamh ar ról scoileanna speisialta agus ranganna speisialta do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus athbhreithniú ar chleachtas idirnáisiúnta a sholáthar i réimse an oideachais speisialta le béim faoi leith ar úsáid scoileanna speisialta agus ranganna speisialta.

#### Modhanna

1. Suirbhé ceistneora ar scoileanna speisialta agus scoileanna príomhshrutha, bunscoileanna agus meánscoileanna, le ranganna speisialta.
2. Dhírigh léirbhreithniú ar an litríocht ar chleachtas idirnáisiúnta in oideachas speisialta ar ról scoileanna speisialta agus ranganna speisialta.
3. Agallaimh fhócasghrúpa ina raibh daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí, cúntóirí riachtanais speisialta rannpháirteach.
4. Cás-staidéir i dt trí scoil.
5. Aighneachtaí ó eagraíochtaí ábhartha, agus ón bpobal i gcoitinne ag dul i ngleic le ceisteanna lárnacha taighde.

#### Príomhthorthaí Taighde

Bhreachnaigh rannpháirtithe sa staidéar ar scoileanna speisialta agus ranganna speisialta mar chuid thábhachtach de leanúntas an tsoláthair do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Samhlaíodh dhá ról soiléire le haghaidh scoileanna speisialta amach anseo:

- soláthar do na daltaí is mó a bhfuil riachtanais chasta acu
- tacú agus comhoibriú le scoileanna príomhshrutha.

Samhlaíodh dhá ról soiléire le haghaidh scoileanna speisialta amach anseo:

- cuimsiú a éascú laistigh den suíomh príomhshrutha
- ‘áit shlán’ a sholáthar do roinnt daltaí
- cóimheas fabhrach daltaí le múinteoir
- cur ar chumas daltaí fanacht ina gceantar féin
- solúbthacht maidir le soláthar múinteoireachta agus curaim a eagrú.

Fadhbanna a tháinig chun cinn maidir leis na rólí sin a chomhlíonadh:

- saineolas agus acmhainní
- níor thug ach 1/4 nó 1/3 de mhúinteoirí atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi shain-oiliúint ag leibhéal dioplóma nó níos airde
- níl na hacmhainní agus/nó an saineolas ag na ranganna speisialta go léir chun tacú le scoileanna príomhshrutha
- tacaíocht ilhdisciplíneach neamhleor agus neamhréireach
- neamhfhoirmiúlacht socruithe déshocrúcháin agus gan acmhainní acu
- easpa leanúnachais idir soláthar ranga speisialta i mbun-scoileanna agus meánscoileanna.

D’aithin na taighdeoirí cúig mholadh déag. ■

## Diagnóis agus Measúnú ar Riachtanais Speisialta Oideachais

Tá tuarascáil taighde a dhéanann athbhreithniú ar na ceisteanna a bhaineann le diagnóis agus measúnú riachtanais speisialta oideachais á cur i gcríoch anois agus tá sé beartaithe go bhfoilseofar an tuarascáil sin ar láithreán gréasáin an NSCE roimh dheireadh 2009.

Scrúdaíonn an tuarascáil beartais agus cleachtais atá ag teacht chun



*An Dr Martin Desforges agus an tOllamh Geoff Lindsay, údair na tuarascála agus iad ag tabhairt cur i láthair ag cruinniú de chuid na Comhairle*

cinn maidir le diagnóis agus measúnú riachtanais speisialta oideachais i roinnt tíortha, lena n-áirítear Éire, agus déanann sé athbhreithniú ar nascadh beartais den sórt sin le leithdháileadh acmhainní. Freisin aithníonn an tuarascáil impleachtaí agus dúshláin féideartha don toadhchaí ag éirí as an athbhreithniú ar bheartais agus cleachtas na hÉireann. Ba iad an Dr Martin Desforges agus an tOllamh Geoff Lindsay, an Centre for Educational Development, Appraisal and Research (CEDAR), Ollscoil Warwick, An Ríocht Aontaithe, a rinne an t-athbhreithniú. ■

## Obair Leanúnach

Tá ag éirí go maith leis an gclár taighde a tuairiscíodh san eagrán deireanach de Nuacht NCSE, agus tá roinnt tuarascálacha ó staidéir taighde eimpíric atá ar siúl faoi láthair sceidealaithe le críochnú agus le foilsiú i lár 2010.

I measc iad siúd atá sceidealaithe le críochnú faoi lár 2010 tá tuarascálacha ar rochtain ar an gcuraclam do leanaí óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbun-scoileanna, aistriú ó bhunscoil go meánscoil do dháltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, suirbhé náisiúnta ar thaithí tuismitheoirí ar riachtanais speisialta oideachais (RSO), agus staidéar ar fhorleithne RSO agus ceisteanna sonraí in Éirinn. ■

## Iníúchadh ar Thaighde in Éirinn

Ba cheart go mbeadh an t-iníúchadh ar thaighde RSO ar oileán na hÉireann críochnaithe freisin in 2010. Beidh sé i bhfoirm bunachar sonraí éasca le húsáid agus ar féidir a chuardach de thaighde Éireannach sa réimse sin agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach. Áireoidh an bunachar sonraí iontrálacha giorra ar gach píosa taighde a d’aithin an t-iníúchadh, ag déanamh achoimre ar cheisteanna mar mhodheolaíocht, téamaí, agus catagóirí de RSO a ndearnadh tagairt dóibh. Ba cheart go mbeadh sé mar acmhainn luachmhar eolais don Chomhairle agus do go leor daoine eile atá ag obair sa réimse sin.

Tá an Dr Joe Travers agus foireann taighde i gColáiste Pádraig, Droim Conrach ag déanamh an iniúchta. D’iarr an fhoireann eolas ar ábhair agus tráchtas fhoilsithe ó institiúidí oideachasúla, ranna rialtais agus comhlachtaí reachtúla agus deonacha a bhfuil spéis acu sa réimse. Freisin tá siad ag lorg saothar nach bhfuil foilsithe. Má tá píosa taighde áitiúla nó staidéar beag agat féin nó ag d’eagraíocht ar mhaith libh a áireamh, cuir scéal chugaibh le do thoil. ■

## Pleananna don Tadhchaí

Tá an Coiste Taighde agus an Chomhairle ag déanamh machnaimh ar chruth agus ábhar chlár taighde an NCSE le haghaidh 2010. Díreoidh an clár gníomhaíochta seo ar thógáil go straitéiseach ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ar méadú a dhéanamh ar an mbonn fianaise a theastaíonn chun treoir a thabhairt d’fhorbairt leanúnach ar oideachas cuimsitheach agus ar chur i bhfeidhm an Acht EPSEN amach anseo. ■

## Thanks to Professor Patricia Noonan Walsh



*Patricia Noonan Walsh*

Labhair an tOllamh Patricia Noonan Walsh, ball de Chomhairle an NCSE agus den Choiste Taighde a d’éirigh as oifig níos luaithe i mBlia, go láidir ar son luach na taighde agus thóg sí saineolas suntasach d’obair na Comhairle. Ba mhaith leis an NCSE buíochas a ghabháil le Patricia as an ról luachmhar a ghlac sí in obair na Comhairle, agus ina feidhm thaighde ach go háirithe, le roinnt blianta anuas. Áireoidh uainn Patricia agus ba mhaith linn gach rath a ghuí uirthi ina cuid oibre amach anseo.

Ba mhaith leis an gCoiste Taighde fáilte a chur roimh an mball Comhairle, Don Mahon, a chuaigh leis an gCoiste Taighde ina dhiaidh sin, agus a bhfuil ról gnóthach aige ina chuid gníomhaíochtaí cheana féin. ■

# An European Agency for Development in Special Educational Needs

Is é atá san European Agency for Development in Special Educational Needs (EADSNE) ná comhlacht neamhspleách agus féinrialaithe a bhunaigh ballstáit an Aontais Eorpaigh. Glacann an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis páirt ann. Déantar an Ghníomhaireacht a chothabháil ag ranníocaíochtaí bliantúla ó bhallthíortha agus freisin tugann Institiúidí an Aontais Eorpaigh tacaíocht di faoi Chlár an AE um Foghlaim Fadsaol.

Éascaíonn an Ghníomhaireacht bailiú, próiseáil agus scaipeadh eolais maidir le hoideachas daoine óga a bhfuil RSO acu ar fud na hEorpa agus freisin déanann sí cur chun cinn ar rannpháirteachas iomlán daoine óga a bhfuil RSO acu in oideachas agus oiliúint príomhshrutha.

Tá forbheathnú ar thionscadal thábhachtacha a chríochnaigh an Ghníomhaireacht le linn 2009 agus imlíne ar obair leanúnach agus obair atá beartaithe don toadhchá curtha ar fáil thíos:

## Táscairí um Oideachas Cuimsitheach

Leag ionadaithe ó thíortha éagsúla béim ar na ngá le sraith Táscairí um Oideachas Cuimsitheach a dhéanamh a d'fhéadfadh cabhrú leis an lucht déanta beartais monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar leibhéal Náisiúnta agus Eorpach. Aithníodh freisin go bhféadfadh táscairí den sórt sin gníomhú mar uirlis chun sonraí a bhailiú thar thíortha éagsúla na hEorpa. Tá an tuarascáil achoimre 'Development of a set of indicators for inclusive education in Europe' ar fáil le hÍoslódáil ó shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, [www.european-agency.org/agency-projects](http://www.european-agency.org/agency-projects).

## Measúnú i Suíomhanna Cuimsitheacha

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo:

- breathnú ar conas a d'fhéadfadh cleachtas cuimsitheach i réimse an mheasúnaithe cinntí maidir le múineadh agus

foghlaim a threorú agus

- moltaí a dhéanamh maidir leis na bealaí is éifeachtaí le measúnú i suíomhanna cuimsitheacha a chleachtadh.

Ghlac fiche-trí ballstát páirt sa tionscadal. Is féidir na hábhair atá ar fáil a íoslódáil ón láithreán gréasáin agus áirítear leo achoimre tionscadail, tuarascálacha tíre ó thíortha rannpháirteacha, bunachar sonraí téamach, sonraí teagmhála saineolaithe, láithreachais ar shamplaí de chleachtas measúnaithe agus d'ábhair eile tionscadail agus tagartha.

## Idirghabháil Luath-Óige

I rith 2009, thug an Ghníomhaireacht faoi thionscadal gearrthéarmach chun nuashonrú a dhéanamh ar an Tionscadal ar Idirghabháil Luath-Óige a bhí ar siúl aige roimhe agus a chríochnaigh in 2004. Is í an aidhm ná scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag tíortha ó 2004 agus sraith de tháscairí lárnacha a fhorbairt. Tá céad thuarascáil achoimre tionscadail le cur i láthair in Eanáir 2010, agus beidh toradh deireanach an tionscadail ar fáil faoi dheireadh 2010. Ba é an saineolaí Éireannach a ainmníodh don tionscadal ná an Dr. Thomas Walsh, An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Déanfar eolas tíre a sholáthróidh na saineolaithe ainmnithe a uaslódáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta nuair a bheidh sé curtha i gcrích.

## Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu as Cúlra Inimirceach

Tá tuarascáil achoimre á tiomsú ar oideachas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thagann as cúlra inimirceach. Beidh príomhthorthaí an tionscadail bunaithe ar eolas a bhaileofar trí thuarascálacha tíre agus ar anailís ar na cleachtais a cuireadh síos orthu. Cuirfear an tuarascáil ar fáil go

deireanach in 2009 agus beifear in ann í a íoslódáil ón láithreán gréasáin.

## Oideachas Múinteoirí um Chuimsiú

Tá an Ghníomhaireacht tar éis dul i mbun tionscadail nua ar thug ballstáit ardtosaíocht dó agus a chlúdóidh tréimhse trí bliana. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal scrúdú a dhéanamh ar conas a ullmhaíonn oideachas tosaigh múinteoirí iad chun múineadh i suíomhanna cuimsitheacha agus chun eolas a sholáthar ar dhea-chleachtas i dtacú le múinteoirí chuige sin. D'ainmnigh na tíortha rannpháirteacha na saineolaithe tionscadail – is iad na saineolaithe Éireannacha a ceapadh don tionscadal ná an tUas. Áine Lawlor, Stiúrthóir, An Chomhairle Mhúinteoireachta agus an tUas. Alan Sayles, Cigire, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Aithníodh ceithre théama lárnacha don tionscadal ar Oideachas Múinteoirí um Chuimsiú.

- Cén saghas múinteoirí a theastaíonn uainn le go mbeadh sochaí chuimsitheach ann i scoil sa 21ú haois?
- Conas is féidir tuairisc a thabhairt ar leanúntas iomlán na hoiliúna?
- Cad iad na hinniúlachtaí múinteora atá riachtanach d'oideachas cuimsitheach?
- Conas is féidir coimre níos leithne d'oiliúint (a mbeadh gairmithe oideachais eile rannpháirteach ann) a bhunú?

Áireofar le heilimintí lárnacha den tionscadal tuarascálacha contae a thiomsú de réir formáide aontaithe a cheadóidh comparáid a dhéanamh idir na tíortha rannpháirteacha ó thaobh beartais agus cleachtais in oideachas múinteoirí. Táthar ag súil freisin go gceapfar tuarascáil ilchodach a chuimseoidh moltaí do lucht déanta beartais.

### Gairmoideachas agus Gairmoiliúint: Beartas agus Cleachtas i réimse ORS

Is í príomhaidhm an tionscadail ná scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin a thugann daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aghaidh orthu i ngairmoideachas agus gairmoiliúint. Mairfidh an tionscadal sin ar feadh trí bliana freisin. Tá Gairmoideachas ar cheann de na tosaíochtaí ar leag Comhairle Airí na hEorpa béim orthu laistigh de Straitéis Liospóin agus é mar aidhm fostaíocht a mhéadú san Eoraip trí cháilíochtaí ardleibhéil a fuarthas i suíomhanna ardoideachais agus gairmoideachais. Iarradh ar bhallthíortha a dhearbhú go bhfuil siad rannpháirteach agus beirt shaineolaithe a ainmniú in aghaidh na tíre.

### Teagmhálaithe Éireannach don European Agency for Development in Special Needs Education

- Ball Boird Ionadaíoch: Don Mahon, Príomhchigire Cúnta, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Comhordaitheoir Náisiúnta: Mary Byrne, Comhairleoir Oideachais Speisialta, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. ■



## Leabhrán Tuismitheora

Tá sé ar intinn ag NCSE Leabhrán Eolais a fhoilsiú do thuismitheoirí go luath in 2010 faoi oideachas leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá eolas á thiomsú le haghaidh leanaí ar gach aois, 0-5 bliana, leanaí bunscoile agus meánscoile. Nuair a bheidh sé foilsithe, scaipfear an leabhrán ar fud na tíre chun rannpháirteachas tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a éascú. ■

## Bunú Sainghrúpa

Tá Sainghrúpa ar Oideachas Leanaí a bhfuil Neamhoird Mhothúchána agus Iompraíochta orthu bunaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) chun cabhrú lena Coiste Straitéise agus Beartais le tograí tosaigh beartais agus tairghe a fhorbairt le meas ag an gComhairle.

Tá réamhobair maidir le hoideachas leanaí a bhfuil neamhoird mhothúchána agus iompraíochta acu déanta ag an NSCE cheana féin trí:

1. léirbhreithniú idirnáisiúnta litríochta a choimisiúnú ar fhianaise ar mhúnlá agus torthaí dea-chleachtais maidir le hoideachas leanaí a bhfuil EBD orthu agus
2. grúpa comhairleach a bhunú roimh ré a rinne athbhreithniú ar oideachas Leanaí Eisiata a bhfuil EBD Trom orthu agus cuireadh páipéar plé isteach don Chomhairle i mBealtaine 2009.

Tá sé beartaithe go dtógfaidh an Sainghrúpa nua ar an gcorp oibre atá ann cheana féin agus go dtarraingeoidh sé le cheile eolas breise faoi chomhthéacs reatha na hÉireann maidir le hoideachas leanaí agus daoine óga a bhfuil EBD orthu. Tabharfaidh sé treoir, faoi seach, d'obair an Choiste Straitéise agus Beartais chun moltaí dréachtúla a fhorbairt le meas ag an gComhairle.

Thug an Chomhairle cuireadh do dhaoine ó roinnt gníomhairreachtaí agus seirbhísí lárnacha seirbheáil ar an ngrúpa seo chun cinntiú go léireofar raon leathan tuairimí ina chuid plé agus moltaí. Tíocfaidh an grúpa le chéile ar feadh tréimhse aon bhliain amháin (Deireadh Fómhair 2009–Deireadh Fómhair 2010) ar dtús. ■



## Scéal Ruth

FEDELMA O'FARRELL

Tá m'íníon Ruth naoi mbliana déag d'aois agus tá sí díreach tar éis a cuid oideachais dara leibhéal a chríochnú. Rinneadh í a mheasúnú agus fuarthas go bhfuil míchumas measartha foghlama aici chomh maith le fadhbanna le scileanna mínluaileacha agus oll-luaileacha. Tá an-chumas aici taitneamh a bhaint as an saol agus tá acmhainn grinn den scoth inti.

Ar cheann de na cinntí is crua a bhíonn le déanamh ag tuismitheoirí linbh a bhfuil riachtanas speisialta acu ná cén scoil ar cheart don leanbh freastal uirthi. Ní rabhamar cinnte cén timpeallacht is fearr a oirfeadh do Ruth agus bhí imní orainn maidir le cén scoil a thógfadh í, an nglacfaí léi agus ansin an mbeadh sí in ann déileáil léi. Nuair a chuir sí tús leis an réamhscoil 16 bliain ó sin ní raibh an oiread sin leanaí a raibh riachtanais speisialta acu ann i scoileanna príomhshrutha, agus ní raibh aon cúntóirí riachtanais speisialta ann.

Ag 3 bliana d'aois, chuaigh Ruth chuig an réamhscoil inár gceantar féin, bhí sé mar thosaíocht agam go mbeadh eiseamláirí aici do theanga agus iompar a bheadh 'tipiciúil' chun an deis is fearr a thabhairt di agus chun féachaint conas a éireodh lei. Nuair a smaoiním siar air, níl a fhios agam conas a ghlac an réamhscoil léi mar ní raibh ní in ann labhairt, bhí sé deacair di breathnú sa tsúil, ní raibh sí in ann an leithreas a úsáid agus ba bheag nach raibh sí in ann seasamh suas. Ní raibh sí in ann siúil go héasca ná rith ná dreapadh agus ní raibh spéis dá laghad aici i leanaí eile.

Bhí na baill foirne go hiontach sa chaoi ar oibrigh siad léi. Thug siad an-spreagadh di agus chabhraigh siad léi bheith mar chuid den ghrúpa agus fuair siad gach saghas trealaimh chun cabhrú agus oibriú léi. Bhí siad chomh sásta cabhrú léi agus mhol siad dom í a fhágáil agus dúirt siad go gcuirfidís fios orm dá mbeinn ag teastáil. Bhí a gcuid spéise agus díograiseachta thar barr.

Nuair a bhí Ruth ag druidim le cúig bliana d'aois, thosaigh muid ag cuardach na céad scoile eile di. Bhí orainn dul ó scoil go chéile, ag tógáil Ruth liom gach uair agus ag iarraidh ar gach scoil í a thógáil. Bhí an t-ádh linn go bhfuairamar scoil Montessori iontach, áit ar fhan Ruth go raibh sí 9 mbliana d'aois. Bhí an t-ádh léi mar go raibh múinteoir aici a raibh an-spéis aici in í a thógáil ar aghaidh agus a rinne a ndícheall chun ról a thabhairt di i ngníomhaíochtaí go léir an ranga. Ba í an leanbh a chonaic sí in áit an mhíchumais. Bhí a dul chun cinn mall ach éacht mór a bhí i ngach céim.

Ag an bpointe sin, chuala mé faoi rang speisialta a bhí á bhunú i mbunscoil áitiúil do leanaí a raibh míchumas measartha

orthu. Cheap mé go mbainfeadh Ruth an-leas as sin. Bheadh timpeallacht scoile príomhshrutha aici áit a mbeadh leanaí tipiciúla aici mar eiseamláirí teanga agus iompair agus bheadh tacaíocht aici ó rang speisialta áit a bhféadfaí a gcuid riachtanas aonair a riar. Bhí an t-ádh liom iarratas a dhéanamh ar áit di agus fuair mé í.

D'éirigh go han-mhaith leis an rang sin. Arís eile bhí an múinteoir an-díograiseach, bhí an-tuiscint aici ar an míchumas, bhreathnaigh sí ar gach leanbh mar dhuine aonair agus d'oibrigh sí ar a gcuid buanna. Bhíodh imeascadh acu sa dá threo, ar feadh roinnt ama gach lá, théadh na leanaí a raibh riachtanais speisialta acu isteach i rang príomhshrutha a

**“ Bhíodh na leanaí go léir ag súgradh le chéile, ghlacaidís páirt i ndrámá nó in aon ghníomhaíocht spóirt eile a bhídís in ann a láimhseáil le chéile. ”**



## Scéal Ruth (continued)

bheadh oiriúnach dá n-aois. Uaireanta eile, bhíodh leanaí tipiciúla ag obair sa rang le leanaí a raibh riachtanais speisialta acu. Bhíodh na leanaí go léir ag súgradh le chéile, ghlacaidís páirt i ndrámá nó in aon ghníomhaíocht spóirt eile a bhídís in ann a láimhseáil le chéile.

Bhí ochtar leanaí sa rang agus ar feadh na chéad chúpla mí bhí an múinteoir ag obair leis na leanaí sin gan chúnamh, ansin ceapadh cúntóir riachtanais speisialta agus sa deireadh bhí 8 leanaí sa rang le haon mhúinteoir amháin agus beirt CRS. D'éirigh tuismitheoirí na leanaí an-chairdiúil agus bhí ról mór acu sa scoil. Baineadh geit asainn nuair a tarraingíodh ár gcuid leanaí as 'seirbhísí' (Fisiteiripe, Teiripe Shaothair agus Teiripe Urlabhra) mar go raibh ár leanaí in oideachas príomhshrutha agus go raibh siad faoi chúram an Roinn Oideachais anois in áit an Roinn Sláinte. Tar éis cás cúirte rathúil a thóg na tuismitheoirí, áfach, tugadh na seirbhísí ar ais do na leanaí agus cuireadh iad ar fáil sa scoil, ag brath ar a gcuid riachtanas aonair.

Chonaiceamar go raibh ag éirí go han-mhaith leis an rang speisialta sin agus go raibh ár leanaí féin agus na leanaí tipiciúla eile ag baint an-leas as. Theastaigh uainn go leanfadh an taithí sin dár leanaí ar aghaidh, chualamar faoi rang i meánscoil i Lár na Tíre a raibh ag éirí go maith leis ach ní raibh aon rud cosúil leis i mBaile Átha Cliath, i suíomh imeasctha, ag an gcéad chéim eile dá gcuid oideachais. Shocraigh na tuismitheoirí labhairt leis an Roinn Oideachais mar ghrúpa agus iarraidh orthu aithris a dhéanamh ar a raibh againn ag an leibhéal Meánscoile, agus úsáid na scoile i Lár na Tíre mar an múnla, i dtimpeallacht mheánscoile.

D'aontaigh an Roinn Oideachais gur cheart dul ar aghaidh leis agus thug siad tacaíocht dúinn. Fós féin thóg sé ceithre bliana chun an rang seo a bhunú. Cé gur cheap gach duine sa Roinn Oideachais gurbh smaoinemh maith é – bhí orainn fós an smaoinemh a thabhairt chun saoil. D'éirigh linn i ndeireadh

na dála, áfach, fuaireamar scoil a bhí sásta an rang a bhunú agus a raibh an spás aici chun é a dhéanamh. Bunaíodh grúpa oibre d'ionadaithe ón Roinn Oideachais (a raibh ailtirí, foirgnimh scoile, agus síceolaithe ina measc), ón Roinn Sláinte, Soláthraithe Seirbhíse, Bord Bainistíochta na scoile agus tuismitheoirí na leanaí.

Sa deireadh tugadh an rang chun saoil. Ní raibh áit ar bith againn dár gcuid leanaí i bhFeabhra agus faoi Mheán Fómhair bhí rang, múinteoirí agus cúntóirí riachtanais speisialta againn. Rinneadh é go hiontach tapa ach ba é an fáth leis ná go raibh

“ **I rith a saoil go léir ba í an chuid ba thábhachtaí de na socrúcháin go léir ná cumarsáid** ”

an scoil sásta é a dhéanamh agus go raibh dearcadh 'lets do it!' aici. Anois tá m'íníon imithe ón scoil ach tá an rang iontach rathúil, le hochtar leanaí, múinteoir agus triúir cúntóirí riachtanais speisialta inti. Cuirtear Fisiteiripe, Teiripe Shaothair agus teiripe Urlabhra mar chuid den lá.

Glactar go huile agus go hiomlán leis na leanaí mar chuid de gach rud a bhíonn ar siúl sa scoil. Téann siad timpeall na scoile le linn na sosanna ranga sa chaoi chéanna leis na daltaí go léir. Múineann múinteoirí príomhshrutha iad. Bíonn 'buddy' ag gach leanbh agus arís eile glacann leanaí tipiciúla páirt sa rang le linn an lá scoile agus oibríonn siad leis na leanaí. Bíonn plean oideachais aonair ag gach leanbh sa rang speisialta. I dteannta le léitheoireacht, scríobh agus matamaitic, tá áiseanna cistine ag an rang chomh maith le spás mór oscailte áit a bhféadann na leanaí cócaireacht, garraíodóireacht, rince nó cibé rud is fearr dóibh a dhéanamh gach lá. Bhí an scoil, na múinteoirí agus na tuismitheoirí chomh sásta le rath an ranga gur osclaíodh dara

rang agus anois tá dhá rang d'ochtar leanaí i scoil le 400 dalta. Fuaireamar tacaíocht den scoth ó Marie Breen a bhí ina EROS don scoil agus thug sí tacaíocht agus cabhair thar na bearta do na tuismitheoirí agus don scoil.

Ar ndóigh níor tháinig deireadh leis an scéal ansin. Thosaigh Ruth in Ionad Oilíúna le haghaidh 'Aosach Óg' a bhfuil míchumas foghlama measartha orthu i Meán Fómhair 2009. Is clár trí bliana é sin a dhíríonn ar scileanna um maireachtáil neamhspleách, lena n-áirítear taisteal neamhspleách, cócaireacht, siopadóireacht srl. Freisin áiríonn sé gníomhaíochtaí spóirt mar shnámh, ióga agus rince. I roinnt cásanna freastalaíonn na 'haosaigh óga' ar chúrsaí CGO agus ar ndóigh leagtar an-tábhacht ar lánpháirtíocht sa phobal agus sa tsochaí agus ar do chearta a thuiscint. Is é sin an t-athrú is mó di, tá gné mhór de scaoileadh, de neamhspleáchas a spreagadh agus de chabhrú léi tuiscint a bheith aici 'uirthi féin' mar dhuine inti féin.

I rith a saoil go léir ba í an chuid ba thábhachtaí de na socrúcháin go léir ná cumarsáid, is fearr fadhbanna a réiteach go luath in áit iad a fhágáil. Nuair a bhíonn próiseas cumarsáide (leabhar nótaí) ann is féidir go leor imní agus míthuisceana a sheachaint. Nuair a bhíonn tú ag plé le leanbh faoi mhíchumas bíonn gá níos mó le ról a thabhairt do gach duine i saol an duine – ní mór do mhúinteoirí, CRS, teiripeoirí, tuismitheoirí labhairt lena chéile chun an toradh is fearr a fháil don leanbh agus chun léargas níos fearr a fháil. ■

## Ranganna ASD i gCill Mhantáin Thoir Theas

LE CAROL CAWLEY, EROS

### Scoil Náisiúnta Sheosaimh, Templerainey, An tInbhear Mór

D'oscail Scoil Náisiúnta Iósaf Naofa a fhreastalaíonn ar tuairim 620 dalta faoi láthair, rang réamhscoile le déanaí le haghaidh leanaí a bhfuil uathachas orthu. Freastalaíonn an rang sin ar leanaí ó 3 bliana d'aois go haois scoile. Faoi láthair tá triúir leanaí sa rang sin a fhéadann freastal ar sheisear leanaí ar a mhó. Tá múinteoir lánaimseartha amháin agus cúntóir riachtanais speisialta amháin ag obair sa rang. Chuir an príomhoide imeachta an tUas. Michael O'Callaghan agus an príomhoide nua an tUas. Diarmuid Kavanagh fáilte roimh leithdháileadh an ranga sin agus ba é an fáth go ndearnadh é ná freastal ar riachtanais leanaí réamhscoile áitiúla a bhfuil Neamhord ar Speictream an Uathachais acu a bhíodh orthu turas fad a dhéanamh roimhe sin chuig an réamhscoil i Scoil Chaitríona, an Caisleán Nua.

Tá dhá rang i Scoil Náisiúnta Iósaf Naofa cheana féin le haghaidh leanaí a bhfuil ASD orthu nach féidir a gcuid



riachtanas a riar i dtimpeallacht phríomhshrutha lánaimseartha (an rang sóisearach a fhreastalaíonn ar leanaí ó naonáin shóisearacha go rang a dó agus an rang sinseartha a fhreastalaíonn ar leanaí ó rang a trí go rang a sé). Faigheann cuid de na leanaí sna ranganna sin tacaí cliniciúla de mar a shocraíonn critéir Beechpark Services.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag tuismitheoirí agus múinteoirí daltaí a bhfuil ASD orthu gur féidir riachtanais go leor leanaí a riar laistigh de thimpeallacht scoile príomhshrutha. I gcás iad siúd nach féidir, áfach, tugann leithdháileadh na ranganna sin deis do dhaltaí freastal ar scoil ina gceantar féin.

### Meánscoil na mBráithre Críostaí, An tInbhear Mór

Meánscoil do bhuachaillí is ea Scoil na mBráithre Críostaí san Inbhear Mór. Rinne príomhoide na scoile, an tUas. Peter Somers, iarratas ar an NCSE chun rang meánscoile ASD a bhunú chun freastal ar riachtanais daltaí reatha agus daltaí atá le teacht a bhfuil ASD orthu nach bhféadfaí a gcuid riachtanas a riar i dtimpeallacht phríomhshrutha lánaimseartha. Tá ceathrar daltaí sa rang, a osclaíodh i Meán Fómhair 2009, agus féadann sé freastal ar sheisear leanaí ar a mhó. Tá foireann de 1.5 post múinteora agus beirt Chúntóirí Riachtanais Speisialta ag an rang.

Freastalaíonn daltaí atá cláraithe leis an rang seo ar a gcuid ábhar lánach i ranganna príomhshrutha ach úsáideann siad an bunrang mar acmhainn nuair nach mbíonn siad i mbun na n-ábhar sin, áit a bhféadann daltaí tacaíocht mhúinteoireachta a fháil ar a gcuid ábhar lánach nó oibriú ar ábhair a bhaineann lena ndiagnóis uathachais mar dhul i ngleic leis an aistriú go meánscoil nó oiliúint ar scileanna sóisialta.

Freisin cuireann an rang tacaíocht shóisialta/gníomhaíochtaí mhaoirsihte ar fáil le linn am lóin agus tréimhsí struchtúrtha a mbíonn sé deacair do go leor daltaí a bhfuil ASD orthu déileáil leo.

Féadann daltaí a d'aistrigh ón aonad um Neamhord ar Speictream an Uathachais i Scoil Náisiúnta Iósaf san Inbhear Mór agus a bhí ag fáil tacaí cliniciúla ó Sheirbhísí Beechpark na dtacaí cliniciúla sin a fháil i gcónaí agus iad ag bogadh ar aghaidh go leibhéal meánscoile. Níl sé sin mar réamhriachtanas chun dul isteach sa rang, áfach.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag tuismitheoirí agus múinteoirí daltaí a bhfuil ASD orthu gur féidir riachtanais go leor leanaí a riar laistigh de thimpeallacht scoile príomhshrutha. I gcás iad siúd nach féidir, áfach, tugann leithdháileadh na ranganna sin deis do dhaltaí freastal ar scoil ina gceantar féin agus dul ar aghaidh chuig an meánscoil lena gcairde féin a bhfuil aithne acu orthu. Féadann sé sin an t-aistriú ó oideachas bunscóile go meánscoile a éascú agus tacú le daltaí chun cairdis fhadsaoil agus líonra sóisialta a fhorbairt a fheabhsaíonn muintearas sa phobal. Féadann sé sin bheith mar eilimint riachtanach chun forbairt shóisialta agus mhothúcháinach leanaí ar an speictream ASD a fheabhsú. ■

